Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10135/26**

**ECOFIN 743**
**UEM 221**
**SOC 331**
**EMPL 160**
**COMPET 690**
**ENV 633**
**EDUC 215**
**ENER 332**
**JAI 744**
**GENDER 71**
**JEUN 112**
**SAN 408**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 218 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh<br>MOLADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha Mhálta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 218 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 218 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.6.2026
COM(2026) 218 final

Moladh le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha Mhálta

{SWD(2026) 218 final}

Moladh le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha Mhálta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin.

(2) An 16 Iúil 2025, ghlac an Coimisiún an togra uaidh le haghaidh rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ([2]). Is é is aidhm don togra

1 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

2 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach

éifeachtacht an chistithe ón Aontas a mhéadú trí ilroinnt an ollstruchtúir airgeadais a laghdú agus trí thacú leis na Ballstáit a mbeartas eacnamaíoch a chomhordú i gcomhréir le hAirteagal 175 CFAE. An 25 Samhain 2026 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach Mhálta 2025. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin go bhfuil Málta ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([3]) an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Tá an Seimeastar Eorpach ailínithe leis an gCompás Iomaíochais, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch, ar cur chuige é lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(4) In 2026, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ([4]). Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 do Mhálta. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag Málta ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme

---

agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 - COM/2025/565 final. Tá an Rialachán atá beartaithe ina ábhar caibidlíochta leis na comhreachtóirí faoi láthair.

[3] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

[4] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag Málta. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn Mhálta ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(6) An 21 Eanáir 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta Mhálta ([5]). Leis an bplean, cumhdaítear an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar 4 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 6,0 % in 2025, 5,8 % in 2026, 5,8 % in 2027 agus 6,1 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2023, mar atá 13,8 % in 2025, 20,4 % in 2026, 27,4 % in 2027 agus 35,1 % in 2028. Maidir leis na blianta 2025-2027, beidh uasrátaí fáis sin an ghlanchaiteachais ag teacht leis an gconair cheartaitheach, mar a mhol an Chomhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE an 21 Eanáir 2025, d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh ([6]). Tar éis ceartú tráthúil marthanach an easnaimh iomarcaigh, an [dáta], ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Cinneadh faoi Airteagal 126(12) CFAE ([7]) lena n-aisghairtear an Cinneadh a rinne sí roimhe sin lena suitear gur ann d'easnamh iomarcach ([8]).

(7) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach ([9]) agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go fóill, tráth ar bith go dtí 2028, go ndéanfaí an clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú má chomhlíonann siad na critéir a shocraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1263.

(8) An 30 Aibreán 2026, chuir Málta Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn ([10]) isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An

---

5 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta Mhálta (IO C, C/2025/649, 10.2.2025), ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/649/oj).

6 Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh i Málta, a glacadh an 21 Eanáir 2025. Is féidir teacht ar na doiciméid uile a bhaineann leis an nós imeachta um easnamh iomarcach maidir le Málta ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-governance-framework/stability-and-growth-pact/corrective-arm-excessive-deficit-procedure/excessive-deficit-procedures-overview/Malta_ga.

7 Cinneadh (AE) 2026/[IO: cuir isteach] ón gComhairle an [dáta] lena n-aisghairtear Cinneadh 2024/2128 AE maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann i Málta (IO [cuir isteach tagairtí ábhartha IO]).

8 Cinneadh (AE) 2024/2128 ón gComhairle an 26 Iúil 2024 maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann i Málta, (IO L, 2024/2128, 1.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2128/oj.

9 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Caiteachas cosanta méadaithe a chumasú laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, an 19 Márta 2025, C(2025) 2000 final.

10 Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_ga.

Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil Mhálta i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena phlean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241. Tá an tuarascáil ar ghníomhaíocht a rinneadh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach comhtháite sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

(9) In 2025, ba é 4,0 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 2,4 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 3,7 % in 2026 agus faoi 3,6 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 2,7 % ann in 2026 agus 2,3 % in 2027.

(10) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil([11]), tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta Mhálta ó easnamh 3,4 % de OTI in 2024 go heasnamh 2,2 % de OTI in 2025. Léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2025 fás ard ioncaim, lena n-áirítear ó chánachas corparáideach agus indíreach, arb é leathnú an OTI ainmniúil agus na mbonn cánach is mó is cúis leis, chomh maith le hamhantair chánach mhóra. Ar an taobh eile, d’ainneoin neamh-atarlú aistrithe caipitil shuntasaigh a deonaíodh don chuideachta aerlíne náisiúnta in 2024, lean caiteachas rialtais de bheith ag méadú go suntasach, le méaduithe suntasacha ar bhille pá agus ar thomhaltas idirmheánach an rialtais, chomh maith le caiteachas aonuaire a eascraíonn as cinneadh cúirte. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 2,2 % de OTI in 2026 agus 2,1 % de OTI in 2027.

(11) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach ([12]), lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid chrapthach ann in 2025, faoi 0,6 % de OTI. Réamh-mheastar go mbeidh sé neodrach den chuid is mó in 2026 agus crapthach, faoi 0,5 % de OTI, in 2027.

(12) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil([13]), tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta Mhálta ó 45,9 % de OTI ag deireadh 2024 go 46,4 % de OTI ag deireadh 2025. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go dtiocfaidh laghdú go 46,2 % ar an gcóimheas fiachais-OTI faoi dheireadh 2026 agus go bhfanfaidh sé cobhsaí ar an leibhéal sin faoi dheireadh 2027.

(13) Ar bhonn sonraí ó Eurostat([14]), 0,5 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta Mhálta ar chosaint in 2025. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é 0,6 % de OTI a bheidh sa chaiteachas sin in 2026.

(14) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas

[11] Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

[12] Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

[13] Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

[14] Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, níl bearta beartais fhioscaigh nua glactha ag Málta chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú ([15]). Mar sin féin, ó bhí an ghéarchéim fuinnimh ann in 2022, choinnigh Málta praghsanna miondíola leictreachais agus breosla reoite ar na leibhéil is ísle san Aontas. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar chostas fioscach na bhfóirdheontas fuinnimh neamhshealadach agus neamh-spriocdhírithe sin ó 0,9 % de OTI in 2025 go thart ar 1,4 % de OTI in 2026.

(15) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d'fhás an glanchaiteachas i Málta faoi 5,6 % in 2025 agus is fás carnach 22,2 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 faoi bhun an uasráta fáis a moladh. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholadh freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 2,3 % de OTI i dtéarmaí carnacha.

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas i Málta faoi 6,1 % in 2026 agus gur fás carnach 29,7 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,1 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, réamh-mheastar go mbeidh ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholtar freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 2,2 % de OTI i dtéarmaí carnacha.

(17) Tá sé tábhachtach i gcónaí bearnaí cánach a laghdú trí chomhlíonadh cánach a fheabhsú, trí dhul i ngleic le seachaint agus imghabháil cánach agus trí phleanáil ionsaitheach cánach a chomhrac chun córais chánach chothroma agus éifeachtúla a áirithiú. Tá cóimheas ioncaim cánach iomlán Mhálta le OTI i bhfad faoi bhun mheán an Aontais, agus tá sé ag brath go mór ar chánachas corparáideach. Tá a meascán cánach foriomlán teoranta, rud nach léiríonn ach sciar beag de chánachas comhshaoil agus easpa cánacha athfhillteacha maoine. I bhfianaise éifeachtaí seach-iarmharta na straitéisí um pleanáil ionsaitheach cánach idir na Ballstáit, tá sé ríthábhachtach gníomhaíocht chomhordaithe a dhéanamh chun reachtaíocht an Aontais a chomhlánú trí bheartais náisiúnta ó na Ballstáit go léir. Tá gníomhaíochtaí déanta ag Málta chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais pleanála ionsaithí cánach atá ailínithe le caighdeáin an Aontais, le treoir ECFE, agus lena oibleagáidí faoi chreat an Chóid Iompair. Mar sin féin, go dtí go gcuirfidh Málta cánacha siarchoinneálacha – nó bearta cosanta coibhéiseacha – i bhfeidhm ar ús, díbhinní agus íocaíochtaí ríchíosa arna ndéanamh ag cuideachtaí atá bunaithe i Málta chuig dlínsí cánach nialasaí agus dlínsí ísealchánach chun a áirithiú nach féidir le gnólachtaí a mbrabúis a aistriú chuig tíortha nach Ballstáit den Aontas iad gan cháin, tá an riosca maidir le neamhchánachas dúbailte ar na brabúis sin fós ard. Thairis sin, tá baol ann fós go mbeidh neamhchánachas dúbailte ann do chuideachtaí agus do dhaoine aonair araon mar gheall ar an gcaoi a ndéileáiltear le cuideachtaí cónaitheacha gan sainchónaí.

15 Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

(18) Tá deis fáis ag earnáil pinsin fhorlíontaigh Mhálta chun tacú le leordhóthanacht an ioncaim scoir agus chun brúnna fioscacha amach anseo ó aosú déimeagrafach a mhaolú. Cé go bhfuil scéimeanna pinsin deonacha dara agus tríú colún ar fáil, tá rannpháirtíocht fós teoranta. Os a choinne sin, braitheann córas pinsin Mhálta go mór ar scéim an chéad cholúin, atá faoi réir uasteorainneacha lena laghdaítear an meánchóimheas sochair go thart ar 38,3 %, ceann de na cóimheasa is ísle san Aontas i gcomparáid le meán 47 % an Aontais. Trí phinsin fhorlíontacha a neartú, is féidir rannchuidiú le leordhóthanacht ioncaim scoir a fheabhsú agus le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a fheabhsú.

(19) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(20) I Málta, an luas atá faoi chur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, rud a chuimsíonn tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), is luas é atá chun tosaigh ar mheánluas cur chun feidhme an Aontais, i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach an dlús atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun, agus tionchar na n-infheistíochtaí ar an láthair a uasmhéadú an tráth céanna. Tá Málta ag gníomhú cheana féin faoina chláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Mar sin féin, d’fhéadfadh sé gur ghá an cur chun feidhme a neartú a thuilleadh i roinnt réimsí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus le hinfheistíochtaí fuinnimh in-athnuaite chomh maith le cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht chomhionann sa mhargadh saothair. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin Málta ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma ([16]), tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a chur in úsáid go tapa agus go héifeachtach.

(21) Tá roinnt dúshlán roimh Mhálta a bhaineann le taighde agus nuálaíocht, lucht saothair ardoilte a mhealladh agus a choinneáil, an córas ceartais, táirgeadh agus imscaradh fuinnimh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, plódú tráchta agus soghluaisteacht inbhuanaithe, fóirdheontais arda do bhreoslaí iontaise, cáilíocht agus ábharthacht an oideachais agus na hoiliúna don mhargadh saothair, mímheaitseálacha agus ganntanais scileanna, cuimsitheacht an oideachais agus na hoiliúna, cáilíocht poist i bpoist ar bheagán scileanna, agus bainistiú dramhaíola agus uisce.

(22) Tá ról beag fós ag taighde agus nuálaíocht i ngeilleagar Mhálta, agus tá infheistíocht íseal leanúnach sa taighde agus sa nuálaíocht ag cur teorainn le feidhmíocht nuálaíochta na tíre. Tá déine fhoriomlán T&F Mhálta fós ar cheann de na leibhéil is ísle san Aontas (ag 0,54 % de OTI in 2024 i gcomparáid le meán 2,24 % an Aontais), rud a léiríonn an infheistíocht shrianta ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon. Tá caiteachas poiblí T&F an-íseal (0,16 % de OTI in 2024 i

---

[16] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

gcomparáid le meán 0,72 % an Aontais), rud a chuireann bac ar chumas institiúidí taighde cumais eolaíocha láidre a fhorbairt. Tá cás den chineál céanna ann maidir le hinfheistíocht phríobháideach, agus an caiteachas mar chéatadán de OTI fós lag (0,38 % i gcomparáid le meán an Aontais de 1,49 %) agus tá glacadh gnólachtaí le scéimeanna tacaíochta teoranta. Ar an iomlán, tá príomhbhearta lena spreagtar infheistíocht phoiblí agus phríobháideach araon fós ag céim luath, ní mór scéimeanna tacaíochta poiblí a chur chun feidhme ar bhealach níos spriocdhírithe, agus tá comhar neartaithe idir an saol acadúil agus an saol gnó fíor-riachtanach chun nuálaíocht táirgí agus seirbhísí a chothú.

(23) Tá cumas Mhálta aistriú chuig geilleagar ina bhfuil táirgiúlacht níos airde ag brath ar a chumas lucht saothair ardoilte a mhealladh agus a choinneáil. D'fhéadfadh ganntanais agus neamhréireanna leanúnacha saothair agus scileanna, go háirithe i ngairmeacha ardoilte agus ETIM, bac a chur ar ionchais fáis Mhálta. Cé go bhfuil roinnt beart déanta ag Málta chun oibrithe ardoilte a mhealladh agus a choinneáil, tá gá le tuilleadh iarrachtaí lena n-áirítear trí úsáid níos spriocdhírithe a bhaint as imirce oilte chun tacú leis an bhfás in earnálacha ard-bhreisluacha a gheilleagair. Trí úsáid uirlisí faisnéise scileanna sa bheartas forbartha eacnamaíche a neartú, agus tríd an mbonneagar eacnamaíoch, dlíthiúil agus sóisialta a fhorbairt chun tallann a mhealladh agus a choinneáil, is féidir tacú le hoiriúnú Mhálta do shamhail fáis táirgiúlachta níos airde.

(24) Tá moilleanna suntasacha fós ar an gcóras ceartais, agus tá an t-am is gá chun teacht ar chinntí breithiúnacha i gcásanna sibhialta agus tráchtála ag an gcéad chéim ar cheann de na cinn is airde san Aontas. Is é an t-am a thógann sé chun cásanna riaracháin a réiteach ag an gcéad chéim an t-am is faide san Aontas. D'ainneoin an dul chun cinn a cláraíodh le blianta beaga anuas, tá acmhainní do na breithiúna fós ina n-ábhar imní, le ganntanas áitreabh agus foirne. Go háirithe, tá líon na mbreithiúna per capita ar an tríú líon is ísle san Aontas, agus tá líon cásanna sibhialta, tráchtála agus riaracháin an-ard ann in aghaidh an bhreithimh. D'ainneoin dul chun cinn measartha sa digitiú, tá moilleanna ar chur chun feidhme na straitéise náisiúnta um cheartas digiteach agus tá bearnaí criticiúla fós ann, agus tá príomhfheidhmeanna breithiúnacha fós bunaithe ar pháipéar. Tá Málta fós chun deiridh i gcomparáid le Ballstáit eile maidir le réiteach malartach díospóidí a chur chun cinn, rud a d'fhéadfadh ról tábhachtach a imirt chun brú ar an gcóras ceartais a mhaolú. Dá ndéanfaí na cóid nós imeachta bhreithiúnaigh a athbhreithniú agus a fheabhsú, chuideofaí freisin le trialacha a bhrostú.

(25) Tá sciar Mhálta d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh san olltomhaltas deiridh fuinnimh (17,2 % in 2024) agus sa mheascán leictreachais (16,7 % in 2025) fós an-íseal agus i bhfad faoi bhun mheán an Aontais. Is ó ghrianfhuinneamh den chuid is mó a thagann an ghiniúint fuinnimh in-athnuaite, le cuid an-bheag ó bhithmhais/breoslaí in-athnuaite indóite, agus gan aon ghaoth ná giniúint hidreachumhachta. D'fhógair Málta go meastar go mbeidh feirm ghaoithe nua ar snámh amach ón gcósta réidh faoi 2033, rud a bheadh ina chéim thábhachtach chun acmhainneacht foinsí in-athnuaite fuinnimh suiteáilte a mhéadú. Tá deis ann acmhainneacht na dtionscadal gréine agus gaoithe amach ón gcósta a ghiaráil a thuilleadh, chomh maith le réitigh ar tír a leathnú. Dá gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí i ndáil leis sin, chuideofaí le Málta dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite.

(26) Tá méadú ag teacht ar thomhaltas fuinnimh i bhformhór na n-earnálacha i Málta ó bhí 2019 ann, agus go háirithe i bhfoirgnimh chónaithe, agus fás mór tagtha ar an daonra. Chuideodh bearta breise lena gcuirtear iarfheistiú an stoic foirgneamh chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar an treocht mhéadaitheach sin.

(27) Tá brú tráchta fós ina dhúshlán struchtúrach suntasach, rud a dhéanann dochar d'inbhuanaitheacht chomhshaoil, d'iomaíochas an gheilleagair agus do cháilíocht saoil na saoránach. Meastar go n-ardóidh costas eacnamaíoch an phlódaithe tráchta go EUR 917 milliún in aghaidh na bliana faoi 2030 ([17]) in éagmais bearta beartais breise. D'ainneoin iarrachtaí chun feabhas a chur ar an gcóras iompair phoiblí agus an tsoghluaisteacht a athmhúnlú i Málta, tá bearta fós ann chun spleáchas ar ghluaisteáin phríobháideacha a laghdú go suntasach. In 2024, thuairiscigh 58 % de dhaonra Mhálta nár úsáid siad iompar poiblí riamh. Tá earnáil an iompair fós ar an bpríomhfhoinse astaíochtaí gás ceaptha teasa faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, a raibh 48 % d'astaíochtaí den sórt sin i gceist léi in 2024, méadú 45 % ó bhí 2005 ann. Leanann an treocht sin ar aghaidh, d'ainneoin gur shroich feithiclí astaíochtaí nialasacha 37,7 % de chlárúcháin gluaisteán nua paisinéirí in 2024, méadú 17,4 pointe céatadáin ón mbliain roimhe sin. Ina theannta sin, tá bonneagar iompair Mhálta fós an-leochaileach i leith rioscaí a bhaineann leis an aeráid, agus scór innéacs leochaileachta iompair 0,42 aige, ceann de na rátaí is airde san Aontas. Chun go rachaidh Málta i ngleic le plódú tráchta agus le hastaíochtaí méadaitheacha ón iompar, tá gá le beartais soghluaisteachta inbhuanaithe lena ndíspreagfaí úsáid gluaisteán, lena n-áirítear trí lánaí tiomnaithe bus a thabhairt isteach, srian a chur ar rochtain feithiclí i limistéir phlódaithe agus teorainn a chur le hinfhaighteacht páirceála. Ag an am céanna, trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht an iompair de bhóthar agus an mhuiriompair, in éineacht le hinfheistíochtaí sa tsoghluaisteacht inbhuanaithe, go háirithe bonneagar soghluaisteachta gníomhaí amhail líonraí rothaíochta agus coisithe leathnaithe, chomh maith le busanna astaíochtaí nialasacha agus bonneagar athluchtaithe breoslaí malartacha, d'áiritheofaí aistriú i dtreo roghanna iompair níos inbhuanaithe agus níos ilmhódaí. Tá gá le hinfheistíochtaí breise chun athléimneacht an bhonneagair iompair i leith rioscaí a bhaineann leis an aeráid a neartú, lena n-áirítear teagmhais adhaimsire.

(28) Gan aon chéimniú amach beartaithe, b'ionann fóirdheontais breosla iontaise agus thart ar 1 % de OTI Mhálta in 2024, méid a bhí go mór os cionn mheán an Aontais de 0,32 %. Le fóirdheontais breosla iontaise, díspreagtar infheistíochtaí san fhuinneamh in-athnuaite, san éifeachtúlacht fuinnimh agus i leictriú an iompair, rud a rannchuideodh le spriocanna aeráide a bhaint amach, le slándáil fuinnimh a fheabhsú agus le cáilíocht saoil níos fearr a chur chun cinn i Málta. Ag an am céanna, is ualach trom fioscach iad fóirdheontais breosla iontaise Mhálta. Ní chuireann siad tacaíocht chostéifeachtúil ar fáil don gheilleagar le linn tréimhsí ina mbíonn praghsanna arda idirnáisiúnta fuinnimh ann agus ní thugann siad aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh ar bhealach spriocdhírithe.

(29) Gineann Málta cuid de na leibhéil dramhaíola is airde in aghaidh an duine san Aontas, agus diúscraítear a bhformhór mór i líonadh talún, rud a chuireann brú suntasach ar thimpeallacht nádúrtha na n-oileán. In 2024, shroich giniúint dramhaíola cathrach 621 kg in aghaidh an duine, ceann de na rátaí is airde san Aontas, agus d'fhan an ráta athchúrsála fíor-íseal ag 16,7 %, ráta atá go mór faoi bhun mheán 48 % an Aontais. Theip ar Mhálta cheana féin sprioc athchúrsála dramhaíola cathrach 2020 de 50 % a bhaint amach agus tá an baol ann anois nár bhain sé amach sprioc 2025 de 55 %. Thairis sin, in 2023, ba é 74 % an ráta líonta talún le haghaidh dramhaíl chathrach, ráta a bhí i bhfad níos mó ná meán 22 % an Aontais. Is ábhar mór imní fós í an bhearna

[17] Aireacht Iompair, Bonneagair agus Oibreacha Poiblí Mhálta, 2026. Máistirphlean Náisiúnta Iompair 2030. https://infrastructure.gov.mt/wp-content/uploads/2026/01/NATIONAL-TRANSPORT-MASTERPLAN-2030.pdf.

shubstaintiúil idir an ráta líonta talún atá ann faoi láthair agus sprioc 2035 maidir le dramhaíl chathrach a chur i líonadh talún, is é sin 10 %. D'ainneoin infheistíochtaí méadaithe i mbonneagar bainistithe dramhaíola agus tabhairt isteach roinnt tionscnamh athúsáide agus athchúrsála, ní raibh éifeachtaí intomhaiste ar fheidhmíocht bainistithe dramhaíola mar thoradh ar na bearta a glacadh go fóill. Dá bhrí sin, bhainfeadh Málta tairbhe as ord na réiteach dramhaíola a urramú trí thosaíocht a thabhairt do chosc dramhaíola, trí chleachtais athchúrsála agus cleachtais an gheilleagair chiorclaigh a neartú, trí reachtaíocht náisiúnta dramhaíola atá ann cheana a fhorfheidhmiú ar bhealach níos déine agus trí bhonneagar athchúrsála agus athúsáide a leathnú, agus dlús á chur ag an am céanna le hinfheistíochtaí atá beartaithe i saoráidí próiseála dramhaíola chun spleáchas ar líonadh talún a laghdú.

(30) Tá ganntanas struchtúrach uisce roimh Mhálta, rud atá níos measa mar gheall ar fhás substaintiúil an daonra, teochtaí atá ag ardú agus triomaigh fhada, rud a laghdaigh go mór infhaighteacht fionnuisce. Leagtar béim ar an dúshlán sin leis an Innéacs séasúrach Saothraithe Uisce Plus (WEI+), a shroich 66,7 % sa tríú ráithe de 2023, an dara leibhéal is airde i measc Bhallstáit an Aontais, rud a léiríonn ganntanas tromchúiseach uisce. Cuireann an t-éileamh ard ar uisce, arb iad na hearnálacha turasóireachta, talmhaíochta, intíre agus tionsclaíocha is mó is cúis leis, leis an nganntanas. Mar fhreagairt air sin, d'fhéach Málta leis na brúnna sin a mhaolú trí eastóscadh méadaithe screamhuisce agus díshalannú méadaithe sáile. Chomh maith le ganntanas uisce, tá droch-cháilíocht uisce fós ina saincheist leanúnach i Málta. Mar a leagtar amach i dTríú Plean Bainistíochta Abhantraí Mhálta, níor bhain ach 58 % de dhobharlaigh dhromchla (de réir lín) stádas maith éiceolaíoch nó stádas ard éiceolaíoch amach, agus níor chomhlíon ach 45 % stádas maith ceimiceach. Maidir le screamhuisce, níor bhain 82 % de dhobharlaigh screamhuisce (de réir limistéir) dea-stádas cainníochtúil amach, agus níor bhain 100 % díobh dea-stádas ceimiceach amach. Eascraíonn na príomhbhrúnna ar cháilíocht uisce dromchla agus screamhuisce as gníomhaíochtaí talmhaíochta agus as ionsá sáile de dheasca ró-astarraingthe. Thairis sin, tá dhá cheirtleán i Málta fós neamhchomhlíontach leis an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh mar gheall ar an gcion íseal teaghlach atá nasctha le cóireáil fuíolluisce uirbigh thánaisteach ar a laghad. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, bhainfeadh Málta tairbhe as infheistíochtaí a leathnú i mbonneagar buainte uisce báistí uirbigh agus i réitigh dhúlrabhunaithe, rud a d'fhéadfadh rioscaí tuilte a laghdú agus athlíonadh screamhuisce a fheabhsú. Ina theannta sin, is cosúil go bhfuil gá le rialáil níos déine ar eastóscadh screamhuisce agus ar acmhainneacht leathnaithe cóireála fuíolluisce chun cáilíocht an uisce a fheabhsú agus chun dul i ngleic le truailliú uisce dromchla agus screamhuisce.

(31) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimse na scileanna agus réimse an oideachais, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig Málta in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(32) Tá an baol ann go mbainfidh ganntanais agus neamhréireanna scileanna an bonn de mhargadh saothair láidir Mhálta agus go gcuirfidh siad bac ar a aistriú glas agus ar a aistriú digiteach. D'ainneoin rátaí an-ard folúntas, tá bearnaí criticiúla fós ann i róil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC), na tógála, an chúraim sláinte, an oideachais agus an aistrithe ghlais, agus ní bhíonn fostaithe a bhfuil scileanna glasa

acu ag 43 % de ghnólachtaí agus tuairiscíonn dhá thrian díobh lucht saothair neamhullmhaithe. Ní choinníonn na scileanna a chuireann córas oideachais agus oiliúna Mhálta ar fáil suas le héileamh mhargadh an tsaothair, arb é rialachas ilroinnte scileanna agus acmhainneacht réamhaisnéise is cúis leis freisin. Trí uirlisí faisnéise scileanna a neartú, is féidir cuidiú le riachtanais mhargadh an tsaothair a réamh-mheas agus aghaidh a thabhairt ar neamhréireanna atá ann cheana. Níl céimeanna eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) ach ag 13,8 % de chéimithe iar-mheánscoile, i bhfad faoi bhun mheán an Aontais, agus níos lú ban fós ann, agus is i Málta a bhí an clárú ETIM iar-mheánscoile is ísle san Aontas in 2023. Ní leor conairí gairmoideachais agus gairmoiliúna ach oiread, agus tá teorainn leis an bhfoghlaim obairbhunaithe agus le glacadh clár gairmoideachais agus gairmoiliúna a bhaineann le ETIM, go háirithe i measc na mban. Tá rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach fós míchothrom toisc nach dtéann ach sciar beag den líon mór daoine fásta ar bheagán oiliúna i mbun oiliúna. Cuireann bearnaí leanúnacha i mbunscileanna leis an dúshlán a thuilleadh: níl bunscileanna matamaitice, léitheoireachta ná eolaíochta ag duine as gach triúr atá 15 bliana d'aois, agus níl bunscileanna digiteacha ag leath de dhaoine idir 12-13 bliana d'aois. Tá an baol ann go gcuirfidh laigí sa soláthar múinteoirí, san fhorbairt ghairmiúil agus sa tacaíocht do sheomraí ranga atá ag éirí níos éagsúla teorainn le cumas an chórais oideachais torthaí foghlama a fheabhsú. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, tá sé ríthábhachtach cáilíocht agus ábharthacht an oideachais agus na hoiliúna don mhargadh saothair a neartú, úsáid uirlisí faisnéise scileanna, oiliúint múinteoirí, gairmoideachas agus gairmoiliúint obairbhunaithe, agus uas-sciliú daoine fásta, go háirithe i réimsí ETIM agus an aistrithe ghlais, chun ganntanais a laghdú, torthaí oideachais a fheabhsú, agus scileanna a ailíniú le riachtanais mhargadh an tsaothair.

(33) Cuireann cuimsitheacht theoranta an oideachais agus na hoiliúna, a thosaíonn cheana féin san oideachas luath-óige, bac ar acmhainneacht daoine atá i staideanna leochaileacha. Mar gheall ar ghanntanas foirne teagaisc atá cáilithe go leordhóthanach agus na cleachtais teagaisc agus curaclaim neamhéifeachtacha, is leordhóthanach an córas oideachais do gach leanbh, lena n-áirítear daltaí faoi mhíchumas. Tugann éagothromaíochtaí leanúnacha i dtorthaí foghlama agus fostaíochta atá nasctha leis an gcúlra socheacnamaíoch agus leis an gcineál scoile le fios go bhfuil dúshláin shuntasacha chothromais fós ann. Go háirithe, tá tearcghnóthachtáil forleathan i measc mic léinn ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste: tá 51,5 % ag tearcfheidhmiú sa léitheoireacht, 47,7 % sa mhatamaitic agus 46,0 % san eolaíocht. Thairis sin, tá luathfhágáil na scoile fós an-ard i measc daoine óga faoi mhíchumas, agus níl líon suntasach daoine óga faoi mhíchumas i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna. Maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige (ECEC), déanann córas Mhálta teidlíocht oideachas agus chúram na luath-óige i leith gníomhaíocht tuismitheora (obair, oideachas, oiliúint) a dhaingniú faoi láthair seachas teidlíocht uilíoch nó teidlíocht atá bunaithe ar an mbochtaineacht. Cé gur leathnaíodh forálacha le déanaí chuig roinnt grúpaí tuismitheoirí dífhostaithe, tá an bhearna rannpháirtíochta idir leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) agus leanaí neamh-IBBES fós an-leathan: bhí leanaí neamh-IBESS beagnach dhá oiread níos dóchúla (48,2 %) freastal ar níos mó ná 25 uair an chloig oideachais agus cúraim na luath-óige in aghaidh na seachtaine i gcomparáid leo siúd a bhí i mbaol (24,9 %). Tá ábhair imní fós ann freisin maidir le cáilíocht sholáthar oideachas agus chúram na luath-óige, ós rud é go dtugtar le fios le meastacháin a rinneadh le déanaí nach bhfuil cáilíochtaí oideolaíocha ábhartha ag níos mó ná an cúigiú cuid den fhoireann cúraim leanaí, rud a d'fhéadfadh teorainn a chur lena acmhainneacht tacú le forbairt luathscileanna, go

háirithe i gcás grúpaí faoi mhíbhuntáiste. Is cosúil gur gá tacaíocht spriocdhírithe a neartú do leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu gan beann ar chúlra fostaíochta nó oideachais a dtuismitheoirí.

(34) Cuireann cáilíocht poist mhíchothrom bac ar choinneáil oibrithe. Tá méadú tagtha ar sciar na bpost ar phá íseal, agus tá os cionn 10 % d'oibrithe fós i bpoist ar phá íseal le 4 bliana anuas, rud a dhéanann difear díréireach do mhná agus do náisiúnaigh tríú tír. Tá sciar réasúnta ard d'uaireanta oibre neamhthipiciúla ag Málta freisin (39,1 % d'oibrithe i gcomparáid le 32,6 % san Aontas). Tá roinnt earnálacha ag brath níos mó agus níos mó ar oibrithe ar náisiúnaigh tríú tír iad, amhail cúram sláinte. Mar sin féin, is minic a bhíonn dálaí saothair níos laige agus cáilíocht íseal poist i ngnéithe éagsúla roimh náisiúnaigh tríú tír atá ag obair i bpoist ar bheagán scileanna: uaireanta oibre fada, ráta athraithe lucht saothair níos airde, ionchais shrianta maidir le dul chun cinn gairme, cearta teoranta i gcás caillteanas fostaíochta, agus dálaí oibre sláinte agus sábháilteachta níos measa. Tá tionchar díréireach ag bochtaineacht lucht oibre freisin ar náisiúnaigh tríú tír (17,3 % i gcomparáid le 5,6 % den daonra dúchasach). Tháinig méadú ar an acmhainneacht cigireachta saothair ach tá sí fós faoi bhun chaighdeáin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus tá smachtbhannaí i leith sáruithe fós réasúnta íseal. Dá dtabharfaí aghaidh ar ábhair imní maidir le poist ardcháilíochta, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, agus dá gcuirfí borradh breise faoin gcigireacht saothair, d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith aige sin ar láimhdeachas saothair agus ar rátaí arda folúntais.

(35) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás Mhálta , cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh agus an tríú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (3) le cur chun feidhme an chúigiú moladh agus an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (4) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro agus cuidíonn moladh (6) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh Málta in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. I bhfianaise na neamhréireachta ábhartha a thaifead an Coimisiún in 2025 agus an diallta atá réamh-mheasta aige do 2026 i leith na huasteorann glanchaiteachais a mholtar, gníomhú chun an glanchaiteachas a rialú chun go n-urramófar leis na huasrátaí fáis a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025. Caiteachas agus ullmhacht i réimse na cosanta a threisiú agus éifeachtúlacht caiteachais a áirithiú an tráth céanna, agus an buiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir de a chothú. A áirithiú gur beart sealadach a bheidh in aon bheart a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus gur beart é atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le pleanáil ionsaitheach cánach atá fós ann, cáin siarchoinneálach a thabhairt isteach ar íocaíochtaí amach nó ar bhearta cosanta coibhéiseacha, agus na

rialacha maidir le cuideachtaí nach bhfuil sainchónaí orthu a leasú. Earnáil na bpinsean forlíontach a chur chun cinn, go háirithe trí scéimeanna pinsin ceirde.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe, rud arbh é an dúshraith a bheadh faoi, i gcásanna inarbh iomchuí, ath-leithdháileadh tosaíochtaí straitéiseacha agus solúbthachtaí san athbhreithniú meántéarma ar an gcreat beartais comhtháthaithe.

3. Taighde agus nuálaíocht a neartú trí infheistíocht phoiblí T&F a mhéadú agus infheistíocht phríobháideach T&F a spreagadh trí scéimeanna tacaíochta éifeachtacha agus naisc níos láidre idir an saol acadúil agus an gnó. Mealladh agus coinneáil oibrithe ardoilte a neartú. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais ceartais trí aghaidh a thabhairt ar riaráiste an cháis agus trí fhad na n-imeachtaí a laghdú.

4. Dlús a chur le táirgeadh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite. An t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú le héifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe i bhfoirgnimh. Aghaidh a thabhairt ar bhrú tráchta agus astaíochtaí iompair a laghdú trí úsáid gluaisteán a dhíspreagadh, éifeachtúlacht an iompair phoiblí a fheabhsú, ilmhódúlacht a éascú agus infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar soghluaisteachta gníomhaí, agus i mbonneagar iompair atá athléimneach ó thaobh na haeráide de. Deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breosla iontaise nach fóirdheontais shealadacha iad agus atá dírithe ar na teaghlaigh agus ar na gnólachtaí is leochailí.

5. Feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola trí athchúrsáil agus cleachtais an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn, agus spleáchas ar líonadh talún a laghdú ag an am céanna. Bainistiú agus cáilíocht inbhuanaithe uisce a fheabhsú trí bhailiú agus athúsáid uisce a leathnú, agus dul i ngleic le truailliú in uisce dromchla agus screamhuisce ag an am céanna.

6. Cáilíocht agus ábharthacht an oideachais agus na hoiliúna don mhargadh saothair a neartú chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí ísle oideachais chomh maith leis an nganntanas tromchúiseach scileanna agus an mhímheaitseáil scileanna, go háirithe in ETIM, go háirithe trí bhunscileanna mac léinn agus oiliúint tosaigh agus leanúnach múinteoirí a chothú chomh maith le clárú i ngairmoideachas agus i ngairmoiliúint obairbhunaithe a chur chun cinn, agus san fhoghlaim aosach do dhaoine ar bheagán oiliúna. Cuimsitheacht an oideachais agus na hoiliúna a neartú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar rochtain ar oideachas agus cúram luath-óige (ECEC) ar ardchaighdeán. Aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le cáilíocht post i bpoist ar bheagán scileanna, lena n-áirítear do náisiúnaigh tríú tír, go háirithe trí chigireachtaí saothair a neartú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*